

## An Dinnéar



D'ullmhaigh Mamaí an dinnéar inné. Bhí an dinnéar agam ar a haon a chlog. Ar dtús bhí **anraith** agam. D'ith mé é. Ansin bhí **feoil**, **prátaí** agus **pisceanna** agam. Ghearr mé **an fheoil** le scian. Chuir mé an fheoil isteach i mo bhéal leis an bhforc. D'ith mé na prátaí agus na pisceanna. Ansin bhí **uachtar reoite** agam. Nuair a bhí mo dhinnéar ite agam bhí mé sásta.

### Foclóir:

**anraith**, soup  
**pisceanna**, peas

**uachtar reoite**, ice cream  
**sásta**, satisfied

### A. Líon isteach na bearnaí:

din—éar, an—aith, pr—taí, pi—eanna, sci—n, uac—tar re—ite.

### B. Líon isteach na bearnaí:

1. Ar dtús bhí anraith a—.
2. Ghearr mé an f— le scian.
3. D'ith mé na prátaí agus na p—.
4. Ansin bhí uachtar — agam.
5. Nuair a bhí an — ite agam bhí mé sásta.
6. Chuir mé an fheoil isteach i mo — leis an bhforc.

### C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cé a d'ullmhaigh an dinnéar?  
—Tomás.  
—Mamaí.  
—Máire.
2. Céard a bhí agam ar dtús?  
—arán agus im.  
—prátaí.  
—anraith.
3. Cár chuir mé an fheoil?  
—ar an mbord.  
—isteach i mo bhéal.  
—sa mhála.

### D. Freagair na ceisteanna:

1. Cathain a d'ullmhaigh Mamaí an dinnéar?
2. Cén t-am a bhí an dinnéar agam?
3. Céard a rinne mé leis an anraith?
4. Cathain a bhí mé sásta?

### Gramadach 5

- (i) **Foghlaím:** agam                      againn  
                         agat                      agaibh  
                         aige                      acu  
                         aici

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Tháinig sé isteach. Bhí mála **aige**.

1. Tháinig mé isteach. Bhí mála —.
2. Tháinig Tomás agus Íde isteach. Bhí málaí —.
3. Tháinig Seán agus mé féin isteach. Bhí málaí —.
4. Tháinig Íde agus tú féin isteach. Bhí málaí —.

- (ii) **Foghlaím:** D'ith mé                      D'itheamar  
                         D'ith tú                      D'ith sibh  
                         D'ith sé                      D'ith siad  
                         D'ith sí

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Shuigh sí chun boird agus **d'ith** sí an dinnéar.

1. Shuigh Seán agus Tomás chun boird agus — — an dinnéar.
2. Shuigh tú chun boird agus — — an dinnéar.
3. Shuigh Seán agus mé féin chun boird agus — an dinnéar.